

20 RUD EILE

FAOI DOMHAN NA DTEANGACHA



Labhraítear **SAIRDÍNIS** ar oileán na Sairdine, agus is í an ceann is sine de na teangacha Rómánsacha a úsáidtear fós, agus creidtear gurb í an teanga is cosúla le Laidin atá fós beo.

Ar chuala tú riamh faoi **KARELIAN?** Teanga Fhionlannach í a labhraítear in iarthuaisceart na Rúise agus i gcuid na Fionlainne. Is sampla amháin í an Karelian den éagsúlacht teangacha i measc oidhreachta na hEorpa.

IS Í TEANGA OIFIGIÚIL NA STÁIT AONTAITHE NÁ...?

Bhuel, síleann formhór na ndaoine gur Béarla í ach, i ndáiríre, níl aon 'teanga oifigiúil' acu!



Is réigiún i lár na hincinne é an **CAUDATE**. Cabhraíonn sé le daoine dátheangacha aistriú idir teangacha ach chomh maith leis sin, coinníonn sé an dhá theanga scartha óna gcéile. Úsáideann daoine dátheangacha a bhfuil taithí acu an caudate chomh minic sin go n-athraíonn sé a mhéid.

NA TÍORTHA ATÁ AN MÉID IS MÓ EAGSÚLACHT TEANGACHA ACU

Nua-Ghuine Phapua		(840)
An Indinéis		(711)
An Nigéir		(517)
An Ind		(456)
Na Stáit Aontaithe		(328 teangacha)

Is í riail amháin a leanann **BÉARLÓIRÍ** gan é a thabhairt faoi deara ná go leanann aidiachtaí ord ar leith: tuairim, méid, aois, cruth, dath, bunús, ábhar, cuspóir. Mar shampla, fuaimníonn "my Greek fat big wedding" beagán corr, ach fuaimníonn "my big fat Greek wedding" ceart.

San **IODÁILIS**, ciallaíonn an focal "latte" "bainne", cé go n-úsáideann Béarlóirí é agus iad ag déanamh tagairt do chaife. Ná déan dearmad ar seo agus is mian leat caife a ordú ar do chéad turas eile go dtí an Iodáil!

XD

Tá a mbealaí féin ag teangacha éagsúla chun gáire a léiriú i dteachtaireachtaí téacs, mar shampla "hahaha". Seans go bhfaca tú an *jajaja* Spáinneach, ach is dócha nach bhfaca tú an 555 Téalainnis (fuaimníonn 5 mar "ha" i dTéalainnis), an *www* Seapánach (tagann *w* ó *wara* (笑) - "a bheith ag gáire") nó an *kkkkk* Portaingéalach.

TEANGACHA CRIÓLACHA



is teangacha nua iad a fhorbraítear nuair a bhíonn daoine ó tíortha éagsúla ag caint agus cruthaíonn said focail nua chun tuiscint níos fearr a fháil agus iad ag comhrá lena gcéile. Sampla is ea an Criól Háitise, meascán den Fhraincis, teangacha na hAfraice Thiar agus teangacha dúchasacha Taino.

GAEILGE, GAEILGE NA HALBAN AGUS GAEILGE MHANNAN

Níl aon fhocal amháin sna teangacha seo le haghaidh "yes" agus "no", mar atá as Béarla agus as teangacha eile. Chun ceist a fhreagairt úsáidtear foirmeacha briathartha. Mar shampla, chun freagra a thabhairt don cheist "An ndeachaigh said abhaile?" d'úsáidfeá "chuaigh siad" nó "ní dheachaigh siad".

"SEAN" GHEARMÁINIS

Thart ar an mbliain 1700, chuaigh a lán Gearmánach ar imirce go dtí na Stáit Aontaithe agus chónaigh siad i bpobail reiligiúnacha faoi iamh. Mar sin, is féidir leat buailleadh le daoine a labhraíonn 'sean' Ghearmáinis i bPennsylvania toisc gur tháinig a tsinsear ann i rith an 18ú haoise.



Chuir na deartháireacha Cyril agus Methodius tús leis an **AIBÍTEAR CHOIREALLACH**. Ba as Thessaloniki iad agus d'oibrigh said mar mhisinéirí i measc na bpobal Slavacha i lár agus in oirthear na hEorpa.

Is féidir an **ALBÁINIS**, an **GHRÉIGIS**, an **TUIRCIS** agus an **BHULGÁIRIS** mearbhall a chuir ar dhaoine! is féidir go gciallódh croitheadh do cheann "is ea" cé gur féidir "ní hea" a bheith i gceist agus an ceann a chroitheadh!



Ní úsáidtear **FUAIMEANNA "CLIC"** ach i gcúpla teanga amháin. Is féidir le daoine ó dheisceart na hAfraice idirdhealú a dhéanamh idir chúig clic difriúla de réir an áit ina déantar sa bhéal.



Seachnaíonn **ÍOSLAINNIS** focail iasachta a úsáid agus is fearr leis focail nua a chruthú ó fhocail seana lochlannacha. Mar sin, úsáideann siad an focal *tölva* le haghaidh ríomhaire. Tagann an focal seo ó na focail seana lochlannacha *tala* (uimhir) agus *völva* (banfháidh).

SHELTA nó GAMMON

Is teanga í an Shelta nó an Gammon a labhraíonn lucht taistil na hÉireann. Is sampla í de teanga "chripteach" a forbraíodh chun cumarsáid a dhéanamh lena gcéile agus chun a gcuid príobháideachas a chosaint i gcoinne an mórphobail.

LE HINSCNE NÓ GAN INSCNE?

Tá roinnt teangacha bunaithe ar chórais ghramádaí atá easpa inscne acu, mar shampla Tuircis agus Béarla. Tá dhá nó trí inscne ag teangacha eile, cosúil le Gearmáinis agus Gréigis. Is annamh a bhíonn teangacha le ceithre inscne nó níos mó ná sin: M.s. Tá inscne ag Zande (ón gCongó) le haghaidh rudaí atá firinscneach, baininscneach, beomhar (m.s. ainmhithe), agus neamhbheo.



Sa **GHRAONLAINNIS**, is minic a bhaineann brí an-chasta le focal amháin: m.s. Ciallaíonn *nalaasaaru-suummerujussuaraluarpunga*, "go tobann, bhí mé ag iarraidh dul i mo luí chun sos a ghlacadh, ach..."

5%

Níl ach 5% de **CHAINTEOIRÍ PORTAINGÉILISE** ina gcónaí sa Phortaingéil. Ní nach ionadh, is í an teanga oifigiúil i dtíortha ina bhfuil go leor daoine ina gcónaí, ar nós an Bhrasaíl agus Mósaimbíc.



Tá go leor **FOCAL FIONLAINNISE** a bhfuil aistriúchán an-litriúil acu. Aistríonn cuisneoir go "cófra oighir" (*jääkaappi*), aistríonn ríomhaire go "meaisín eolais" (*tietokone*) agus aistríonn an focal le haghaidh meaisín reatha (*juoksumatto*) go "cairpéad a bhíonn ag rith".

Lá Eorpach na dTeangacha 26 Meán Fómhair